Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10900 – PLATINUM EQUITY GROUP / IMERYS HTSM)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 428/13)

1. An 31 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— California Holding III Limited ("California", SAM), atá faoi rialú deiridh Platnium Equity, LLC ("Platnium Equity Group", SAM),

— Imerys' High Temperature Solutions business ("Imerys HTS", an Fhrainc), atá faoi rialú Imerys S.A. (an Fhrainc).

Gheobhaidh Platinum Equity Group rialú ar Imerys HTS ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach sócmhainní atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann Platinum Equity Group sainchúram de chumasc, éadáil agus oibriú cuideachtaí a sholáthraíonn seirbhísí agus réitigh do chustaiméirí i raon leathan gnólachtaí, seirbhísí agus réitigh sna réimsí seo a leanas ina measc – an teicneolaíocht faisnéise, an teileachumarsáid, an lóistíocht, seirbhísí miotail, an déantúsaíocht agus dáileadh ar leibhéal domhanda. Tá Solenis faoi rialú Platnium Equity Group, agus is cuideachta ceimiceán speisialtachta í atá gníomhach ar fud an domhain i réimsí na dtuaslagán cóireála uisce, na dtuaslagán próisis, na dtuaslagán laín agus páipéir agus na dtuaslagán monatóireachta,

— Is soláthraí domhanda tuaslagán agus seirbhísí teasfhulangacha ardteochta í Imerys HTS, a dhéanann cosaint theirmeach le haghaidh trealamh tionsclaíoch chomh maith le feabhsú sreibhe agus teilgin a chur ar fáil do chustaiméirí ó thionscal an iarainn, tionscal na cruach, tionscal na teilgcheárta agus an tionscal teirmeach. Tá trí phríomhfhine táirgí ag Imerys HTS, is iad sin: (i) ábhair theasfhulangacha, (ii) floscanna teilgin cruach agus (iii) breiseáin le haghaidh gaineamh múnlála glas.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10900 – PLATINUM EQUITY GROUP / IMERYS HTSM

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË